Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9894/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0426(COD)**

**ENER 281**
**ENV 576**
**TRANS 357**
**ECOFIN 584**
**RECH 359**
**CODEC 853**
**IA 89**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15088/21 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 15 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh. Is cuid de Chlár Oibre an Choimisiúin don phacáiste 'Oiriúnach do 55' an Treoir sin agus comhlánú ar chomhpháirteanna eile an phacáiste a beartaíodh i mí Iúil 2021, inar leagadh amach an fhís maidir le stoc foirgnimh astaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Is príomhghné í an fhís sin freisin den straitéis 'rabhartha athchóiriúcháin' a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Coimisiún an plean REPowerEU an 18 Bealtaine 2022.

2. Is príomhionstraim reachtach í an Treoir seo chun cuspóirí dícharbónúcháin 2030 agus 2050 a bhaint amach. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an togra toisc gur i ndáil le foirgnimh a chaitear 40 % den fhuinneamh a thomhlaítear, agus gur de bharr na bhfoirgneamh a scaoiltear 36 % de na hastaíochtaí gáis cheaptha teasa, idir dhíreach agus indíreach, a bhaineann le fuinneamh san Aontas. Dá bhrí sin, tá sé ar cheann de na luamháin a bhfuil gá leo chun an rabharta athchóiriúcháin a chur chun feidhme le bearta nithiúla rialála, maoiniúcháin agus cumasúcháin atá dírithe ar an ráta bliantúil athchóirithe fuinnimh ar fhoirgnimh a dhúbailt ar a laghad faoi 2030 agus ar athchóiriú domhain a chothú. Ba cheart don athbhreithniú sin a bheith ina rannchuidiú freisin chun tionscnamh Bauhaus Eorpach nua agus cathracha aeráidneodracha carbóin a chur i gcrích.

3. Íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a thabhairt isteach chun an t-athrú is gá a dhéanamh ar an earnáil a spreagadh, tá sé sin ar phríomhghnéithe nua an athbhreithnithe, go háirithe i gcás na bhfoirgneamh is measa feidhmíocht.

4. Shann Parlaimint na hEorpa dá Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (don rapóirtéir Éireannach ó Ghrúpa na nGlasach, Ciarán Cuffe) an scrúdú ar an togra thuasluaite. An 15 Nollaig 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa rún ar a tionscnamh féin maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh. Tharla sin ag an am céanna le foilsiú thogra reachtach an Choimisiúin.

5. Glacadh tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta maidir leis an togra an 23 Márta 2022. Tá coinne leis an tuairim ó Choiste na Réigiún faoi dheireadh mhí an Mheithimh.

6. Leagtar amach sa tuarascáil seo an dul chun cinn a rinneadh san ábhar maille leis na príomh-shaincheisteanna a pléadh i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá n-aire.

## II. STAID NA hIMEARTHA

7. I mí Eanáir 2022, thosaigh an Mheitheal um Fhuinneamh ag scrúdú an togra le haghaidh Treorach go cúramach. Cuireadh an measúnú tionchair agus an téacs i láthair agus pléadh iad an 25 Eanáir agus an 10 Feabhra 2022 faoi seach. Bhí gá le trí chruinniú meithle ansin, an 3 agus an 10 Márta agus an 7 Aibreán, chun na hairteagail go léir atá sa togra ón gCoimisiún a scrúdú.

8. Le linn na gcruinnithe meithle sin, chuir na toscaireachtaí a dtuairimí maidir leis na hairteagail go léir in iúl, agus go háirithe maidir le foirgnimh astaíochtaí nialasacha (ZEBanna) agus an nasc atá acu le rochtain ar fhuinneamh inathnuaite, maidir le caighdeáin íosta i bhfeidhmíocht fuinnimh (CIFF) agus an nasc atá acu leis na leibhéil is fearr ó thaobh costais de agus leis an gceart maoine, agus maidir le teastais feidhmíochta fuinnimh, go háirithe i dtaca le sainmhíniú aicmí agus a gcomhchuibhiú idir na Ballstáit.

9. Tar éis na malartuithe sin, chomhroinn an Uachtaránacht an chéad leagan athbhreithnithe leis na Ballstáit an 3 Bealtaine 2022. Scrúdaíodh an chéad athbhreithniú sin le linn na dtrí chruinniú meithle an 12, an 17 agus an 19 Bealtaine.

10. Níor chuir na Ballstáit deireadh leis na forchoimeádais ghrinnscrúdaithe uile. Tá scrúdú á dhéanamh fós ag roinnt Ballstát ar an tionchar a bheadh ag an mbeart atá beartaithe, agus ar na naisc le tograí eile sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'.

## A. Tuairim ghinearálta

11. Ar an iomlán, chuir na Ballstáit in iúl go dtacaíonn siad i gcónaí leis na bearta beartais um fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú, agus bhí siad ar aon intinn maidir leis na tairbhí iomadúla a bhaineann leo agus maidir leis an ról ríthábhachtach ba cheart a bheith acu i ndícharbónú gheilleagar na hEorpa agus san uaillmhian mhéadaithe aeráide a bhaint amach faoi 2030 mar aon le haeráidneodracht faoi 2050. Ag an am céanna, cheistigh a lán toscaireachtaí leibhéal foriomlán uaillmhian an togra, chuir siad chun suntais an gá atá le solúbthacht chun na bearta beartais is costéifeachtaí a chur chun feidhme, agus chuir siad i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sainiúlachtaí náisiúnta i ndáil leis sin. Cé gur fhormhuinigh siad na cuspóirí, d'iarr na toscaireachtaí freisin go gcoinneofaí an t-ualach riaracháin chomh híseal agus ab fhéidir.

12. Ó thaobh na hUachtaránachta de, d'eascair roinnt saincheisteanna tábhachtacha as na pléití ar leibhéal na meithle, mar a leagtar amach sa roinn seo a leanas. Tá na gnéithe sin gan dochar do phointí sonracha leasa a d'ardaigh na toscaireachtaí agus do na pléití ar leibhéal na meithle.

## B. Na príomhthéamaí

Foirgnimh astaíochtaí nialasacha (Airteagail 2.2 7 agus 9a (an chéad leagan athbhreithnithe) agus Iarscríbhinn III)

13. Ba oth le roinnt mhaith Ballstát nár áiríodh le coincheap na bhfoirgneamh astaíochtaí nialasacha fuinneamh inathnuaite i líonraí náisiúnta nó a táirgeadh in aice láimhe, agus luaigh roinnt díobh an gá atá le neodracht theicneolaíoch. Dhiúltaigh cuid mhór Ballstát d'Iarscríbhinn III inar foráladh do thairseach tomhaltais fuinnimh arna leagan síos ag an gCoimisiún in aghaidh an limistéir aeráide d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha, agus dhiúltaigh siad d'uasdátú na hIarscríbhinne sin le gníomh tarmligthe. D'iarr roinnt Ballstát go ndéanfaí an t-amchlár a bhí beartaithe a shíneadh. D'iarr roinnt Ballstát soiléiriú a fháil ar fhorbairt tháscaire na hacmhainneachta téite domhanda.

14. Chuir an Uachtaránacht na barúlacha sin san áireamh agus rinne sí athruithe suntasacha ar choincheap an 'foirgneamh astaíochtaí nialasacha' sa chéad leagan athbhreithnithe. Leasaigh an Uachtaránacht sainmhíniú an choincheapa, agus shainmhínigh sí foirgnimh astaíochtaí nialasacha mar fhoirgnimh ina dtomhlaítear fíorbheagán fuinnimh, nach n-astaíonn gáis cheaptha teasa ar an láthair mar gheall ar bhreoslaí iontaise agus nach dtáirgeann ach méid an-bheag astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla. Thug sí Airteagal 9a isteach arís lena bhforchuirtear ceanglais áirithe i ndáil le tomhaltas fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa sna foirgnimh sin. Leis an bhfoclaíocht a mhol an Uachtaránacht, chuirfí ar chumas na mBallstát caighdeáin uasta a shocrú maidir le tomhaltas fuinnimh na bhfoirgneamh atá faoi réir na gceanglas maidir le foirgnimh astaíochtaí nialasacha. Baineadh, dá bhrí sin, tábla na dtairseacha do thomhaltas fuinnimh de réir an réigiúin, a mhol an Coimisiún in Iarscríbhinn III. Ina ionad sin, cuireadh ríomh tairsí náisiúnta ag baint úsáid as an modh 'cost-optamach'. Cuireadh isteach tairseach le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa, lenar féidir astaíochtaí a bhaineann le húsáid fuinnimh foirgnimh a chur san áireamh le linn úsáid agus oibriú an fhoirgnimh sin. Foráiltear leis an togra ón Uachtaránacht do na tairseacha uasta le haghaidh tomhaltas fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa atá le léiriú sna pleananna náisiúnta athchóiriúcháin.

Chumhdófaí tomhaltas fuinnimh mar ábhar tosaíochta trí úsáid a bhaint as fuinneamh inathnuaite a thairgtear ar an láthair ó théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil nó ó phobail fuinnimh, ar choinníoll go bhfuil sin indéanta ó thaobh na teicneolaíocht agus an gheilleagair de.

15. Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit go léir an togra ón Uachtaránacht. Ba dhíol sásaimh dá bhformhór an tsolúbthacht a tugadh isteach le déanaí, cé gur chuir roinnt acu in iúl go raibh amhras orthu faoin tsaoirse chun na tairseacha éagsúla a shocrú agus faoi na ceanglais níos boige maidir le húsáid fuinnimh inathnuaite. Mar sin féin, ní raibh na Ballstáit ar aon fhocal fós faoi bhreoslaí inathnuaite ó eangacha náisiúnta nó ó fhuinneamh a thairgtear in aice láimhe a chur san áireamh. Ba dhíol sásaimh don Choimisiún an togra ón Uachtaránacht, go háirithe tabhairt isteach na leibhéal cost-optamach de agus an toirmeasc ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an láthair a choimeád ar bun i ngeall ar úsáid breoslaí iontaise.

<u>Íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh (Airteagal 9)</u>

16. D’iarr líon mór Ballstát go mbeadh níos mó solúbthachta agus soiléireachta ann a mhéid a bhaineann leis na gnéithe teicniúla agus eacnamaíocha, cé gur dhíol sásaimh do roinnt Ballstát an beart. Áitíodh gur dheacair an beart a chur chun feidhme, go mbeadh an cóimheas costais is tairbhe ró-ard, agus go gcruthódh sé fadhb i dtaca le cearta maoine i mBallstáit áirithe. D’iarr na Ballstáit sin, dá bhrí sin, go gcuirfí síneadh lena ndíolúine ón mbeart a chur chun feidhme, nó go ndéanfaí raon feidhme foirgneamh a theorannú do na foirgnimh sin amháin atá ar díol nó le ligean ar cíos. Ina theannta sin, chuir na Ballstáit in iúl go raibh imní orthu faoi phionóis a chur i bhfeidhm ar úinéirí foirgneamh agus ar chodanna d’fhoirgnimh nach gcomhlíonann na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh. D’iarr roinnt toscaireachtaí go gcuirfí beart malartach chun feidhme a bheadh bunaithe ar shásra lena bhféadfaí méid coibhéiseach fuinnimh a choigilt, agus d’iarr toscaireachtaí eile go gcuirfí síneadh leis na spriocdhátaí. Ar bhonn níos teoranta, iarradh gurbh iad na Ballstáit féin a bhunódh go díreach na leibhéil sna pleananna náisiúnta athchóiriúcháin. Maidir leis na pointí sin, thug an Coimisiún chun suntais gur gá anois, níos mó ná riamh, dlús a chur leis an ráta athchóiriúcháin agus nach mór díriú ar na foirgnimh sin ina dtomhlaítear an méid is mó fuinneamh, arbh fhusa coigiltis fuinnimh a dhéanamh orthu. Chuir an Coimisiún i dtábhacht freisin gné shóisialta an bhirt, ós rud é go laghdófaí léi sin na costais a bhaineann le tomhaltas fuinnimh do theaghlaigh leochaileacha.

17. Mar fhreagairt ar iarrataí ó na Ballstáit ar sholúbthacht, rogha amháin a d'fhéadfadh a bheith ann is ea na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a mhodhnú le go gcomhfhreagróidís do thairseacha tomhaltais fuinnimh d'fhoirgnimh nach bhféadfar a shárú tar éis dáta áirithe, seachas d'aicme teastais feidhmíochta fuinnimh, mar is amhlaidh anois. Faoi na Ballstáit féin a d'fhágfaí bunú na dtairseach sin, agus an srian ann go ndíreoidís ar chéatadán áirithe den stoc foirgneamh atá le hathchóiriú, mar a leagtar síos sa Treoir. Cé go mbeadh sin ina chuspóir tábhachtach go fóill, arna shainiú ag na céatadáin atá le bunú sa Treoir, agus bheadh solúbthacht níos mó ag na Ballstáit na luamháin theicniúla a chur i bhfeidhm chun an cuspóir sin a bhaint amach.

Teastais feidhmíochta fuinnimh (Airteagail 16 go 18)

18. Chuir a lán Ballstát i gcoinne leithdháileadh na n-aicmí teastas feidhmíochta fuinnimh a fhorchuirtear, ar minic iad i neamhréir le scéimeanna náisiúnta. Cheistigh roinnt acu an sainmhíniú ar aicme G, ar cheart dó comhfhreagairt do 15 % de na foirgnimh is measa feidhmíocht sa stoc náisiúnta. Ina theannta sin, cháin roinnt toscaireachtaí an laghdú ar thréimhse bhailíochta na gceadúnas i gcás aicmí ísle. Chuir roinnt Ballstát a n-ábhair imní in iúl faoi éabhlóid chostais na dteastas feidhmíochta fuinnimh. Chuir roinnt eile acu a n-ábhair imní in iúl faoin bhféidearthacht cuairteanna córasacha ar an láthair a thabhairt chun na teastais sin a tharraingt suas.

19. Mar thoradh ar an aiseolas sin, leasaigh an Uachtaránacht tréimhse bhailíochta na dteastas sa chéad leagan athbhreithnithe ar ais go deich mbliana. Thug sí isteach freisin idirthréimhse trí bliana do sheanteastais. Mheas na Ballstáit go raibh an tréimhse sin róghairid. Níor athraíodh leithdháileadh na n-aicmí teastas feidhmíochta fuinnimh a fhorchuirtear. D'fhéadfaí, áfach, na ceanglais maidir le scála aicmí teastas feidhmíochta fuinnimh a bhaint agus bheadh cead ag na Ballstáit leanúint de thairseacha a shocrú do na haicmí éagsúla, agus thabharfaí spriocanna athchóiriúcháin isteach go neamhspleách ar na haicmí sin. Chuir roinnt Ballstát in iúl gur gá an pas athchóiriúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 10 a áireamh sa teastas feidhmíochta fuinnimh.

Pleananna náisiúnta athchóiriúcháin (Airteagal 3)

20. Chuir formhór na mBallstát in iúl go dtacaíonn siad leis an airteagal seo. Mar sin féin, d'iarr líon mór Ballstát go mbeadh ailíniú níos fearr ann leis an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, go háirithe chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le táirgeadh na sonraí éigeantacha a shonraítear in Iarscríbhinn II a laghdú. Níor iarr ach roinnt Ballstát go bhfillfí ar na seanstraitéisí athchóiriúcháin fadtéarmacha.

21. Ag eascairt as an aiseolas sin, leasaigh an Uachtaránacht an togra ón gCoimisiún ar mhaithe le táirgeadh an phlean athchóiriúcháin a shimpliú gan difear a dhéanamh dá cháilíocht, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as na sineirgí leis na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFAnna) ag an am céanna. Cé go raibh na Ballstáit i bhfabhar na n-athruithe, d'athdhearbhaigh roinnt acu go raibh imní orthu faoi bheith ag athrú go modh nua faireacháin ar an stoc foirgneamh.

Soghluaisteacht inbhuanaithe (Airteagal 12)

22. Ar an mórgóir, léirigh na Ballstáit go raibh siad i bhfabhar na bhforálacha nua ach d'iarr siad go mbeadh solúbthacht níos mó ann i ngeall ar na costais a bhí i gceist nó toisc go raibh luas na forbartha róghasta. Pléadh go forleathan oiriúnú na gceanglas le haghaidh na bhfoirgneamh atá ann cheana féin, nó le haghaidh na bhfoirgneamh a díolmhaíodh go dtí seo. Ina theannta sin, chuir roinnt Ballstát i gcoinne na forála lena gceadaítear pointí athluchtaithe a shuiteáil gan toiliú an úinéara a fháil.

23. Tugadh isteach leis an gcéad leagan athbhreithnithe ón Uachtaránacht beart chun na forálacha a chur in oiriúint do rothair leictreacha agus rothair lasta, agus chun líon na spásanna do rothair a dhíchúpláil ó líon na spásanna do ghluaisteáin. Bhí formhór na mBallstát i bhfabhar na moltaí sin. Áirítear freisin sa chéad leagan athbhreithnithe sin leasuithe ar líon na spásanna rothar agus an eisceacht fhéideartha do na suiteálacha sin agus i gcás cheanglas an réamhcháblaithe maidir le spásanna páirceála.

24. D'ainneoin na n-athruithe sin, chuir na Ballstáit in iúl gur gá solúbthacht bhreise a bheith ann, go háirithe chun a bheith ábalta na ceanglais a chur in oiriúint do gach réigiún. Bhí amhras ar roinnt Ballstát faoi chead a thabhairt do thionóntaí pointí athluchtaithe a shuiteáil gan toiliú a fháil ón úinéir.

Táscaire ullmhachta cliste foirgneamh (Airteagal 13 agus Iarscríbhinn IV)

25. Bhí cúpla Ballstát i bhfabhar an dréachtghníomh tarmligthe a bhaint lena ndéanfaí an táscaire éigeantach don earnáil neamhchónaithe. Thug na Ballstáit chun suntais nach bhfuil tabhairt isteach céim thástála comhoiriúnach leis an amchlár atá beartaithe ag an gCoimisiún.

26. Mar fhreagairt ar na barúlacha sin, mhol an Uachtaránacht, sa chéad leagan athbhreithnithe, go mbeadh glacadh an ghnímh tharmligthe ag brath ar thoradh dearfach a bheith ar chéim thástála táscaire ullmhachta cliste foirgneamh. Glacadh ar an mórgóir leis an togra sin.

Maoiniú do chórais breoslaí iontaise (Airteagal 15)

27. Mar fhreagairt ar iarrataí ó na Ballstáit a tharraing aird ar an gcomhthéacs domhanda reatha, agus bunaithe ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Márta 2022 ina n-áirítear an cuspóir imeacht de réir a chéile ó spleáchas ar allmhairí gáis, ola agus guail ón Rúis, thug an Uachtaránacht chun cinn an dáta óna mbeadh cosc ar mhaoiniú poiblí a chur ar fáil chun córais fuinnimh breosla iontaise a shuiteáil.

28. Ba dhíol sásaimh do thromlach mór na mBallstát, agus don Choimisiún, gur tugadh an dáta sin chun cinn cé go bhfuiltear ag cur ina choinne fós.

Barúlacha breise

29. D'iarr na Ballstáit go ndéanfaí cuid mhór coigeartuithe ar Airteagal 2, ina liostaítear sainmhínithe na dtéarmaí a úsáidtear sa Treoir. Dá thoradh sin, ailínítear sainmhínithe áirithe sa chéad leagan athbhreithnithe a mhol an Uachtaránacht leis na Treoracha maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus maidir le Fuinneamh Inathnuaite, atá á n-athbhreithniú faoi láthair.

30. Labhair na Ballstáit faoina n-ábhair imní faoi Airteagail 14 agus 19 maidir leis na sonraí a bheadh éigeantach a chomhroinnt. Shoiléirigh an Coimisiún nár samhlaíodh dó go gcomhroinnfí sonraí rúnda nó go mbeadh riosca slándála náisiúnta ag baint le scaipeadh sonraí.

31. D'iarr roinnt Ballstát gur dhá bhliain a bheadh i dtréimhse an trasuímh in Airteagal 32 chun an t-ualach riaracháin a theorannú.